C/2025/4355

30.7.2025

Fógra le haghaidh na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2022/2319 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2025/1575 ón gComhairle, agus Rialachán (AE) 2022/2309 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1576 ón gComhairle, a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háití

(C/2025/4355)

Dírítear aird na n-eintiteas a luaitear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2022/2319 ón gComhairle ([1]), arna leasú le Cinneadh (CBES) 2025/1575 ón gComhairle ([2]), agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/2309 ón gComhairle ([3]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1576 ón gComhairle ([4]), a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Háití, ar an bhfaisnéis seo a leanas.

An 8 Iúil 2025, chuir Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (UNSC) arna bhunú de bhun Rún 2653 (2022) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, dhá eintiteas le liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha.

Féadfaidh na heintitis lena mbaineann, aon tráth, iarraidh ar athbhreithniú ar an gcinneadh iad a áireamh ar liosta na Náisiún Aontaithe, mar aon le haon doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid Choiste na Náisiún Aontaithe arna bhunú de bhun Rún 2653 (2022) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Ba cheart an iarraidh sin a sheoladh chuig an seoladh seo a leanas:

Focal Point for De-listing
Security Council Subsidiary Organs Branch
Room DC2 2034
United Nations
New York, N.Y. 10017
Stáit Aontaithe Mheiriceá
Teil.: +1 917 367 9448
Facs: +1 917 367 0460
Ríomhphost: delisting@un.org

Chun tuilleadh eolais a fháil, féach: https://www.un.org/securitycouncil/sanctions/2653.

Ag eascairt as cinneadh na Náisiún Aontaithe, chinn Comhairle an Aontais Eorpaigh gur cheart na heintitis atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe a chur ar liostaí na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2022/2319, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2025/1575, agus i Rialachán (AE) 2022/2309, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1576. Na forais ar a ndearnadh na heintitis lena mbaineann a liostú, leagtar amach iad san iontráil ábhartha in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh agus in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán.

Cuirtear in iúl do na heintitis lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear sna suímh ghréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/2309, mar a chuirtear chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1576, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 6 den Rialachán).

Féadfaidh na heintitis lena mbaineann iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle, in éineacht le doiciméadacht tacaíochta, gur cheart breathnú arís ar an gcinneadh iad a chur ar an liosta thuasluaite, chuig an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

([1]) IO L 307, 28.11.2022, lch. 135.
([2]) IO L, 2025/1575, 29.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1575/oj.
([3]) IO L 307, 28.11.2022, lch. 17.
([4]) IO L, 2025/1576, 29.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1576/oj.

Cuirtear in iúl do na heintitis lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 275, agus sa cheathrú agus sa séú mír d'Airteagal 263, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.